

Gealach

Úrscéal le
Seán Mac Mathúna

Eagrán Clóite 2012
Eagrán Digiteach 2013
© Seán Mac Mathúna 2012, 2013

ISBN 978-1-909907-26-3 (Eagrán ePub)
ISBN 978-1-909907-27-0 (Eagrán Kindle)

*Ní thagraíonn aon phearsa ficseanúil sa scéal seo
dáon duine sa saol réadúil.*

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin digiteach leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí
Buníomhá clúdaigh: Zena Holloway



Foras na Gaeilge

Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht airgid do Leabhar Breac



Tugann An Chomhairle Ealaíon tacaíocht airgid do Leabhar Breac

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Teil: 091-593592
leabharbreac.com

Bhí muintir La Tour ag cuimhneamh ar bhricfeasta a ithe. Bhí an doras ar leathadh sa chistin, mar is gnáth, mar maidin i mí an Mheithimh a bhí ann, cuíosach gaofar, ach gan a bheith ina stoirm go fóill. Gan aon choinne bhuail Gealach, príomhláir na feirme, isteach an doras agus dhein caol díreach ar an dtóstaer agus bhain, de shnapadh, píosa mór tósta as. Dhein na fiacla cnagadh ceart ar an dtósta san. Bhéic gach éinne, ach níorbh aon iontas mór é, mar ba mhinic cheana an cleas céanna déanta aici.

‘Cuir amach láithreach í,’ arsa Bill, fear an tí agus athair an chúpla, Jack is Liz, ‘agus isteach sa tréiléar léi, mar ní féidir leis an tréadlia teacht anseo. Caithfidne dul chuige.’

D’fhéach gach éinne ar Ghealach, capall mór bán. Bhí crúba buí uirthi agus pus bándearg, agus ní raibh sí bán amach is amach — leathshlí idir sneachta is ceo, abair.

D’fhéach Gealach ar ais ar an dtriúr. Capall mór ba ea í, ach inniu bhí sí beagáinín níos mó, mar bhí sí ag iompar, agus bhí súil ag gach éinne leis an searrach aon lá anois.

Thugadar amach go dtí clós na gcapall í — bhí feirm mhór capall ag muintir La Tour i Nova Scotia i gCeanada. Agus bhí an ghaoth ag neartú.

Thosaigh na capaill eile a bhí istigh ina stáblaí ag féachaint amach thar na doirse gorma orthu, mar bhí a fhios acu go raibh Gealach ag dul in áit éigin agus bhí siad in éad léi.

‘Seo, brostaigí oraibh,’ arsa Bill. ‘Seo, a Jack, cuir an blaincéad uirthi agus, a Liz, a chroí, cuir isteach sa tréiléar í.’ Ach ní raibh Liz sásta leis an mblaincéad a bhí caite ag Jack ar Ghealach.

‘Capall ráis í seo, a Jack,’ ar sise leis. ‘Caitheann tú í a ghléasadh i gceart.’ Bhí an blaincéad ar dhath an óir agus bhí lásaí dubha air. Cheangail sí na lásaí i gceart, ansin chuaigh siad go léir i mbun oibre chun an capall a chur isteach sa tréiléar, ach bhí rud éigin ar Ghealach — sórt leisce — agus ní rachadh sí isteach.

‘Tá sí neirbhíseach inniu,’ arsa Liz, ‘bhraith mé é sin uirthi go luath ar maidin.’

‘Jane, cabhraigh linn,’ arsa Bill de scread. Tháinig Jane, máthair a chéile, amach as an teach. Stad sí in aice an chapaill agus scrúdaigh sí Gealach ó bhun go barr. D’fhéach sí ar shúile an chapaill. ‘Tá eagla uirthi,’ arsa Jane. ‘Cén fáth?’

D’fhéach Bill ar Ghealach go ceisteach agus rith sé a lámh ar a droim.

‘B’fhéidir go bhfuil sí chun breithe inniu,’ arsa Jack.

‘Níl,’ arsa Bill. ‘Tá seachtain eile aici.’

‘A Dhaid, ná dearúd gur bronntanas lae breithe dúinne an searrach. Táimid a ceathair déag.’

‘A ceathair déag ag déanamh ar a cúig déag,’ arsa Jack.

‘Tig libh aire a thabhairt don searrach nuair a thagann sé, ach má dhíolaimid é is leis an bhfeirm seo é. Gheobhaidh sibh smartfón an duine nuair a bhéarfaidh sí.’

Bhí tost fada sa chlós, agus madra ag amhastraigh i bhfad ón áit. ‘Tá go maith,’ arsa Liz, ‘ach i-fón, led’ thoil.’

‘Ok, tá sé ina mhargadh, a Dhaid, i-fón.’

‘Pé rud a deireann sibh. A Jack, cuardaigh an tréiléar féachaint an bhfuil francach sa tuí.’

Léim Jack isteach sa tréiléar is ghlan sé amach an tuí. Ní raibh francach ann. Díreach ar an nóiméad sin is ea a chuala siad na hadharca ceo ag séideadh ó Bhá Fundy.

‘Tá ceo chughainn,’ arsa Liz.

‘Agus stoirm,’ arsa Bill. ‘Tá go maith, seo libh anois, sinn go léir le chéile.’ Leis sin, bhrúigh siad go léir an capall isteach sa tréiléar agus dhún siad an doras uirthi. Léim Bill agus an cúpla isteach sa jíp Cherokee agus ghluais siad leo.

‘Beidh an dinnéar ullamh nuair a thagann sibh ar ais,’ a scread Jane ina ndiaidh.

D’imigh siad leo síos an bóthar. Ar gach taobh bhí páirceanna agus capaill iontu. Bhí Gealach sa tréiléar — tréiléar oscailte a bhí ann — agus radharc aici ar na capaill eile go léir. Sa chéad pháirc bhí trí Appaloosa agus an ghrian ag taitneamh ar a gcuid spotaí dubha. Stop siad den ithe is d’fhéach siad ar Ghealach. D’fhéach

Gealach ar ais orthu. Lean siad ag féachaint ar a chéile. D'fhéach Liz orthu ón gcábán. An raibh na capaill seo ag caint, an cheist a chuir sí uirthi féin.

Bhí capall Andalúiseach sa chéad pháirc eile agus an rud céanna ar siúl aici. Ansin léim an tAndalúiseach ar a dhá chois deiridh agus lig Gealach seitreach aisti féin. Bhí ionadh ar Liz. An raibh na capaill seo ag caint le chéile? An raibh scéal éigin acu an mhaidin seo?

Bhí Bill ag caint. ‘Tá an ceart agaibh, tá eolas ag capaill nach bhfuil againne.’

‘Tá,’ arsa Jack, ‘deirimid “ciall capaill”’.

‘Sea,’ arsa Bill, ‘fadó casadh Indiach orm, in aice Takawassat, Indiach de chuid an náisiúin Micmac. Bhí a lán eolais aige ar chapail. Dúirt sé gur chreid a náisiún féin go raibh duine faoi ghlas istigh i ngach capall.’

‘Duine i ngach capall!’ arsa an cúpla le chéile.

‘Rud éigin mar sin,’ arsa Bill. ‘Níl a fhios agam, níl aon eolas agam ar aon rud ach ar chapail.’

Díreach ar an nóiméad sin chonaic siad capaill istigh i bpáirc in aice leo, Morgain a bhí iontu agus thosaigh siad ag seitreach láithreach agus Gealach á bhfreagairt.

‘A Dhaid,’ arsa Liz, ‘seans go bhfuil an ceart agat. Tá sé ait ach nuair a fhéachann tú isteach i súil capaill ceapann tú go bhfuil rud éigin ag féachaint amach ort.’

‘Tá sé sin scanrúil,’ arsa Jack.

‘Inseoidh mé rud amháin daoibh faoi shúile capaill,’ arsa Bill, ‘agus tá sé fíor, siad súile na gcapall na súile is mó ar domhan — agus an míol mór san áireamh. Sin rud

nach bhfuil a fhios ag daoine.’

‘Féach an stoirm sin!’ arsa Liz. D’fhéach siad go léir an treo eile amach ar an bhfarraige, Bá Fundy, agus chonaic siad na tonnta móra a bhí ag briseadh ar an dtrá.

D’fhéach Bill ar a uaireadóir. ‘Táimid déanach. B’fhéidir go dtógfaimid an feirí. Féach thíos í, agus teach an tréadlia trasna na habhann uainn.’ Ghluais siad síos go dtí an feirí. Ní raibh slua ag feitheamh léi, ach foireann amháin haca, cailíní ar fad gléasta in éide dhearg, agus spórt ar siúl acu; trí tharracóir feirme, agus dhá ghluaisteán.

Thóg siad Gealach as an dtréiléar agus shiúil siad síos léi go dtí an feirí. Ach bhí fadhb acu. Bhí an rud céanna ar Ghealach arís. Bhí sórt eagla uirthi, agus ní rachadh sí ar bhord an bháid. Chun an scéal a dhéanamh níos measa tháinig ceo an-ramhar isteach ón bhfarraige agus dhorchaigh sé an lá orthu. Chloisfeá na cailíní haca, ach ar éigean a d’fheicfeá iad.

Tháinig fear an bháid amach agus chabhraigh sé le muintir La Tour an láir bhán a bhrú isteach sa bhád. Faoi dheireadh d’éirigh leo. Bhí Gealach ina seasamh istigh sa bhád ach ba léir go raibh eagla uirthi. Ní raibh ráillí ar an bhfeirí, agus dá bhrí sin bhrúigh Bill í isteach go lár an bháid. Bhí sí ag féachaint díreach isteach sa cheo a bhí ag teacht ón bhfarraige.

‘Féach ar a cluasa,’ arsa Bill. Ní raibh na cluasa ina seasamh mar ba chóir, ach iad sínte le barr a cinn. ‘Is ansin atá an eagla, sna cluasa.’

Shiúil Jack sall chuici agus chimil sé an clúmh ar a clár éadain lena mhéar. ‘Nach fíor, a Dhaid, go mbéarfaidh sí an searrach roimh am má bhíonn eagla uirthi?’

‘Tá an baol sin ann,’ arsa Bill, ‘ach níl inniu.’

Bhí Liz ina seasamh in aice leis agus í ag féachaint isteach i súile an chapail. ‘Feicim é!’ ar sise de scread. ‘Feicim an rud atá istigh sa chapall.’

‘Ná bí amaideach,’ arsa Jack. ‘Tá capall istigh sa chapall agus sin deireadh leis.’

Bhuail fear an bháid a chlog agus ghluais an feirí amach san abhainn. Chuaigh Jack ag caint leis. Chuaigh Liz suas go dtí Bill agus rug sí ar láimh air.

‘A Dhaid, a chroí, ba mhaith liom cúpla focal a bheith agam leat.’ Chroith Bill a cheann ach níor fhéach sé uirthi. Ach ba léir go raibh an cailín bocht buartha. ‘A Dhaid, níor labhraíomar ar ... uirthi le mí anois. Ba mhaith liom é go mór dá bhféadfaimis cúpla nóiméad a chaitheamh le chéile....’

‘Sea, sea, a chroí. Caint, comhrá, pé rud atá uait, beidh sé againn. Mise a rá leat, mise is tusa. Ach ní anois, a stór. Táimid gnóthach.’

‘Sin é díreach an rud a dúirt tú an uair dheireanach, a Dhaidí, a chroí, mí ó shin,’ agus bhí a guth rud beag gearánach. ‘Tá go maith,’ ar sise, ‘muna labhraíonn mo dhaid liom labhróidh mo chapall liom,’ agus chuaigh sí suas go dtí Gealach is phóg sí a pus bándearg.

Níor fhéach Bill uirthi mar is ar an uisce a bhí sé ag féachaint ach bhí an ceo chomh trom sin nach bhfaca sé

an t-uisce.

Ghluais siad leo agus crónán deas socair ón inneall go dtí go raibh siad i lár na habhann. Go hobann léim fear an bháid suas is scread sé, ‘Ar chuala sibh rud éigin?’

D’fhéach gach éinne isteach sa cheo agus d’éist siad. ‘Chuala mé clog,’ scread Jack. Léim fear an bháid ar ais go dtí a chlog féin is thosnaigh sé á bhualadh go tapaidh.

Ansin scread Jack an dara huair, ‘ó, a Thiarna,’ ar seisean, ‘féach chugainn!’

D’fhéach gach éinne is scread siad! Feirí eile! Bhuail an dá bhád a chéile. Scread an bheirt chaptaen ar a chéile. Scread arís is arís. Chuala gach éinne rudaí ag titim isteach san abhainn. Ansin gan stró ar bith d’imigh an feirí eile agus bhí gach rud ciúin arís amhail is nár tharla aon rud.

‘An bhfuilimid fós ar snámh?’ arsa Bill agus é ag leathgháirí.

‘A Dhaid, a Dhaid,’ scread Liz, ‘cá bhfuil Gealach?’

‘Gealach?’ arsa Bill, ‘Gealach, Gealach?’ Rith gach éinne timpeall agus ‘Gealach, Gealach,’ á rá acu. Ní raibh tásca ar Ghealach bhocht.

‘Thit sí isteach san uisce!’ arsa fear an bháid. Chruinnigh an triúr La Tour le chéile is d’fhéach isteach i nduibhe na habhann.

‘Má thit sí isteach,’ scread Bill, ‘tá sí imithe le sruth.’

‘Má tá sí imithe le sruth beidh sí sa bhfarraige gan aon mhoill,’ arsa Jack.

Sheas an clúmh ar mhuineál Bhill.

Bhí Jack ag rith leis síos bruach na habhann. Bhí Liz ag rith síos an bruach eile. Bhí an ceo chomh trom sin nach bhfaca siad a chéile ach chuala siad na screadanna, ‘Gealach, Gealach!’ Shrois siad an trá. Ní raibh aon rud ann ach gaineamh, tonnta, dumhcha is macalla na farraige i ngach áit. Ní raibh rian capaill ar an ngaineamh in aon áit. Chuardaigh siad na dumhcha, agus rith siad tríothu, agus ní bhfuair siad mar thoradh ar gach ‘Gealach, Gealach!’ ach macallaí. Ní raibh sí in aon áit.

Tháinig Bill síos go dtí an trá. Cé go raibh an ceo fós trom chonaic siad go raibh scanradh air — agus an aghaidh chomh bán sin aige. Sheas an triúr le chéile, Bill is a dhá láimh timpeall orthu, is d’fhéach siad amach ar an bhfarraige, ar na tonnta, agus ar an gceo a bhí ag rith roimh an ngaoth. Bhí gach rud dorcha. Bhí gach rud fuar. Bhí gach rud fliuch.

‘Sea, a Dhaid,’ arsa Jack, ‘cad a dhéanfaimid anois?’

Níor fhreagair Bill go ceann tamaill agus nuair a labhair ní dúirt sé ach, ‘rachaimid abhaile is dócha, agus ... agus ... ag...’

Ach bhí siad san áit mhícheart mar bhí Gealach fós san abhainn ag iarraidh snámh a dhéanamh. Nuair a thit sí isteach san abhainn ón bhfeirí an chéad rud a dhein sí ná cúpla buicéad uisce a shlogadh. Ag an bpointe seo ní raibh sí ag slogadh uisce nuair a chuala sí an cúpla ar an

dtrá. Dhein sí seitreach láithreach ach bhí glór na dtonn rómhór — níor chuala siad í. Ansin rith an abhainn isteach sa bhfarraige agus thosaigh na tonnta á bualadh. Ní raibh Gealach bhocht riamh in abhainn — ní raibh sí riamh sa bhfarraige. Mheas sí go raibh deireadh tagtha lena saol.

Chuaigh siad ar ais abhaile. Stad siad ag an ndoras. Cad a déarfaimid le Jane? Jane a thug gach éinne uirthi. B'in riail a haon sa teach, gan cead ag éinne an M-fhocal — Mamó — a úsáid. Bhrúigh Jack an doras isteach ach ní rachadh an chomhla isteach mar bhí an t-adhmad lán de bháisteach an gheimhridh.

‘Tá an áit seo ag titim as a chéile,’ arsa Jack.

Bhrúigh an triúr an doras isteach agus isteach leo sa chistin, áit a raibh Jane cois tine ag ól caife. Bhí boladh caife ar an aer agus bhraith daoine níos fearr. Giúis a bhí sa tine agus bhí sí ag geonáil.

Sheas an triúr ag an doras agus d'fhéach siad ar a chéile, ansin ar Jane. D'fhéach Jane ar an dtriúr agus bhraith sí láithreach go raibh rud éigin cearr. D'éirigh sí suas as an gcathaoir agus d'fhéach orthu.

‘Duine, beirt, triúr, agus mise ceathrar, táimid go léir anseo.’

‘B'fhéidir nach bhfuil,’ arsa Bill. Lean an teannas. D'éirigh an cat buí is bhain síneadh as féin. Ansin d'éalaigh sé leis amach as an gcistin.

‘Bhí timpiste ghluaisteáin agaibh?’ Thit ciúnas teann orthu go léir. Lean Jane ag féachaint orthu.

‘Gealach,’ arsa Liz, ‘bádh í!’

Leath a béal ar Jane agus thit an cupán as a láimh is rolláil sé trasna urlár na cistine gur stop cos an bhoird é. ‘Gealach! Báite!’

‘Jack,’ arsa Bill, ‘faigh branda do Jane go tapaidh.’ Seo le Jack sall go dtí an bord falla is bhain an corc de bhuidéal. Dhein an corc glór domhain meánmharach. Líon sé amach gloine mhór is thug do Jane é. B’in gloine a fuair slogadh na lachan. D’éist gach duine leis an lucht ag dul siar ina scornach.

‘Gealach,’ arsa Jane, ‘láir mhór na feirme seo! An bhfuil a fhios agaibh cé chomh tábhachtach is a bhíonn an láir mhór, an phríomhláir? Tá an fheirm agus an áit seo ag brath...’

‘Tá a fhios agam,’ arsa Jack. ‘Ní hamháin go bhfuil an áit ag titim as a chéile, ach táimid briste. An é sin an rud ata a rá agaibh?’

Phléasc Liz amach ag gol. Níor chuaigh éinne in aice léi agus lean an gol. Tar éis tamaill shiúil Jane chomh fada léi is rug sí barróg uirthi. Lean an gol — ach pusaíl goil ba ea é — go dtí nach raibh ann ach pusaíl. Bhí pusaíl ok.

Ina dhiaidh sin thosaigh an ciúnas ba mhó a bhí riamh i dteach La Tour. Bhí a fhios ag gach éinne nach raibh Bill ag caint — rud a chuir eagla orthu, mar nach bhfaca siad riamh mar seo é cheana. Go dtí gur labhair Jane ar deireadh.

‘Báite? Cé a chonaic í ag dul faoi uisce? Cé a chonaic corpán?’

‘Tá an ceart agat,’ arsa Liz. ‘Ní fhacamar aon rud mar bhí ceo trom ann.’

‘Tá go maith, ní fhaca sibh báite í,’ ar sise in ard a cinn. ‘Dá bhrí sin níl sí báite!’

‘An ceart ar fad agat, a Jane,’ arsa Liz. Fórsa ba ea an bheirt bhan fén am seo.

‘Bádh í,’ arsa an guth tobann. D’fhéach gach éinne ar Bhill. ‘Thit sí isteach san abhainn. Ritheann an abhainn isteach i mBá Fundy. Tá stoirm i mBá Fundy. Tá na taoidí is mó agus is aoirde sa domhan i mBá Fundy. Níl seans ag aon rud, go mórmhór capall atá ag iompar searraigh. Dein dearúd ar do chapall. Bádh í.’

Bhí a aghaidh in aon chlár liath amháin, agus cuma cheart bhreithe air, rud a chuir eagla ar Jack.

‘A Dhaid, bíodh gloine branda agat?’

‘Ní bheidh,’ arsa Jane de scread. D’fhéach gach éinne uirthi ach Bill. Bhí súile Bhill ar an dtalamh.

‘Gaibh mo leithscéal,’ arsa Jane, ‘ach is liomsa agus is domsa an branda — mar tá slaghdán orm.’

Bhí na hadharca ceo ag séideadh arís — agus an seomra ar crith leis an bhfuaim. Amuigh sa chlós chuir siad an dá mhadra ag amhastraigh.

‘A Dhaid,’ arsa Jack, ‘b’fhéidir nach bhfuil sí báite. Fós! B’fhéidir rud éigin ... rud ... aon rud ... ach b’fhéidir nach bhfuil sí fós ... báite.’

Níor fhreagair Bill.